2025/1567

30.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1567 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Iúil 2025

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bainistiú gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe cianda agus gléasanna cruthaithe séala cáilithe cianda mar sheirbhísí iontaoibhe cáilithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 29a(2) agus Airteagal 39a de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá ról ríthábhachtach ag seirbhísí iontaoibhe cáilithe chun gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe cianda a bhainistiú agus chun gléasanna cruthaithe séala cáilithe cianda a bhainistiú sa timpeallacht ghnó dhigiteach tríd an aistriú ó phróisis thraidisiúnta pháipéarbhunaithe go coibhéisí leictreonacha a chur chun cinn. Rannchuidíonn na seirbhísí iontaoibhe cáilithe sin le bainistiú slán iontaofa na ngléasanna cianda sin thar ceann shínitheoirí agus chruthaitheoirí na séalaí, ar bhealach lena ráthaítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le ríomhshínithe cáilithe agus ríomhshéalaí cáilithe.

(2) Chun deimhneacht dhlíthiúil agus iontaofacht seirbhísí iontaoibhe cáilithe a fheabhsú chun gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe cianda agus seirbhísí iontaoibhe cáilithe a bhainistiú chun gléasanna cruthaithe séala cáilithe cianda a bhainistiú, ba cheart do na soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn na seirbhísí cáilithe sin na caighdeáin a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh.

(3) Ba cheart na caighdeáin sin a bheith ina léiriú ar chleachtais sheanbhunaithe agus ba cheart iad a aithint go forleathan laistigh de na hearnálacha ábhartha. Ba cheart iad a oiriúnú chun go n-áireofaí leo rialuithe lena n-áirithítear slándáil agus iontaofacht na seirbhísí iontaoibhe cáilithe, chomh maith lena áirithiú go mbeidh urlámhas aonair ag na sínitheoirí, le hardleibhéal muiníne, ar úsáid a gcuid sonraí um chruthú ríomhshínithe, agus go mbeidh smacht ag cruthaitheoirí an tséala ar úsáid a sonraí maidir le cruthú ríomhshéala, faoi seach.

(4) D'fhonn tréimhse ama leordhóthanach a áirithiú don iniúchadh ar sholáthraithe seirbhísí iontaoibhe maidir le comhlíonadh na gceanglas nua, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ó 24 mhí tar éis dó teacht i bhfeidhm.

(5) Déanann an Coimisiún measúnú tráthrialta ar theicneolaíochtaí, cleachtais, caighdeáin nó sonraíochtaí teicniúla nua. I gcomhréir le hAithris 75 de Rialachán (AE) 2024/1183 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), ba cheart don Choimisiún an Rialachán seo a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, más gá, chun é a choimeád i gcomhréir le forbairtí domhanda, le teicneolaíochtaí nua, le caighdeáin nó sonraíochtaí teicniúla agus chun na deachleachtais ar an margadh inmheánach a leanúint.

([1]) IO L 257, 28.8.2014, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2024/1183 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann leis an gCreat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach a bhunú (IO L, 2024/1183, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1183/oj).

(6) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus, i gcás inarb ábhartha, ag Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) maidir leis na gníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta faoin Rialachán seo.

(7) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) agus thug sé a thuairim uaidh an 6 Meitheamh 2025.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an choiste a bunaíodh le hAirteagal 48 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Caighdeáin tagartha agus sonraíochtaí

Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo na caighdeáin tagartha agus na sonraíochtaí i dtaca le bainistiú gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe cianda agus gléasanna cruthaithe séala cáilithe cianda mar sheirbhísí iontaoibhe cáilithe dá dtagraítear in Airteagal 29a(2) agus Airteagal 39a de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 19 Lúnasa 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([4]) Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/58/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

IARSCRÍBHINN

Liosta de chaighdeáin tagartha agus sonraíochtaí chun gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe cianda agus gléasanna cruthaithe séala cáilithe cianda a bhainistiú

Tá feidhm ag caighdeán ETSI TS 119 431-1 V1.3.1 (2024-12) ('ETSI TS 119 431-1') chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht leis an mBeartas um Sheirbhísí Feidhmchlár Sínithe Freastalaí v2 an Aontais i gcomhréir le hIarscríbhinn A a ghabhann leis an gcaighdeán sin, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(1) 2.1 Tagairtí normatacha

— [1] ETSI EN 319 401 V3.1.1 (2024-06): 'Ríomhshínithe agus Bonneagair Iontaoibhe (Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair – ESI); Ceanglais Bheartais Ghinearálta le haghaidh Soláthraithe Seirbhísí Iontaoibhe';

— [7] An Grúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála, Foghrúpa maidir le Cripteagrafaíocht: 'Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe' arna bhfoilsiú ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil ('ENISA') ([1]).

(2) 6.1 Freagrachtaí foilseacháin agus stóir

— OVR-6.1-04: Beidh an fhaisnéis a shainaithnítear in OVR-6.1-01 thuas ar fáil go poiblí agus go hidirnáisiúnta.

(3) 6.4.4 Rialuithe pearsanra

— OVR-6.4.4-02: Fostóidh Soláthraithe Seirbhíse na bhFeidhmchlár Sínithe Freastalaí (SSASPanna) pearsanra i róil iontaofa agus, más infheidhme, fochonraitheoirí i róil iontaofa, a bhfuil an saineolas, an taithí agus na cáilíochtaí is gá acu trí oiliúint fhoirmiúil agus dintiúir, nó taithí, nó meascán den dá cheann.

— OVR-6.4.4-03: Áireofar le comhlíonadh OVR-6.4.4-02 nuashonruithe rialta (gach 12 mhí ar a laghad) ar bhagairtí nua agus ar chleachtais slándála reatha.

(4) 6.4.9 Foirceannadh seirbhíse SSASPanna

— OVR-6.4.9-02: Comhlíonfaidh plean foirceanta SSASPanna na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 24(5) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 [i.1].

(5) 6.5.5 Rialuithe slándála líonra

— OVR-6.5.5-02: Déanfar an scanadh leochaileachta arna iarraidh le REQ-7.8-13 de ETSI EN 319401 [1] uair amháin in aghaidh na ráithe ar a laghad.

— OVR-6.5.5-03: Déanfar ballaí dóiteáin a chumrú chun gach prótacal agus rochtain nach bhfuil gá leis chun soláthraí seirbhísí iontaoibhe (TSP) a oibriú a chosc.

(6) 6.8.5 Rialuithe cripteagrafacha

— OVR-6.8.5-01: Beidh rialuithe slándála iomchuí i bhfeidhm chun aon teicnící cripteagrafacha de chuid SSASP a bhainistiú ar feadh a saolré.

— OVR-6.8.5-02: Maidir le OVR-6.8.5-01, roghnóidh agus úsáidfidh SSASP teicnící cripteagrafacha oiriúnacha a chomhlíonann na Sásraí Cripteagrafacha Comhaontaithe arna bhformhuiniú ag an nGrúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála agus arna bhfoilsiú ag ENISA [7].

(7) Iarscríbhinn A, roinn A.3 Ceanglais ghinearálta

— OVR-A.3-02 [EUSPv2]: Áireofar i ráiteas cleachtais an tsoláthraí seirbhísí iontaoibhe an tagairt do dheimhniú an ghléis chruthaithe ríomhshínithe cháilithe (QSCD) atá in úsáid i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 [i.1], Iarscríbhinn II.

([1]) https://certification.enisa.europa.eu/publications/eucc-guidelines-cryptography_en.